Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Iúil 2021**
**(OR. ga)**

**10287/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0240 (COD)**

**EF 225**
**ECOFIN 662**
**DROIPEN 120**
**ENFOPOL 257**
**CT 93**
**FISC 108**
**COTER 83**
**CODEC 1002**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 22 Iúil 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 421 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann leis an Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 421 final ón gCoimisiún.

---

Faoi iamh: COM(2021) 421 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.7.2021
COM(2021) 421 final

ANNEXES 1 to 2

# IARSCRÍBHINNÍ

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh**
**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an tÚdarás um Fhrithsciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta a Chomhrac agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) 1094/2010, (AE) 1095/2010**

## IARSCRÍBHINN I

**Liosta de na comhéifeachtaí atá nasctha le fachtóirí géaraitheacha agus le fachtóirí maolaitheacha chun Airteagal a chur i bhfeidhm**

Liosta de na comhéifeachtaí atá nasctha le fachtóirí géaraitheacha agus le fachtóirí maolaitheacha chun Airteagal 20 a chur i bhfeidhm.

Beidh na comhéifeachtaí seo a leanas infheidhme ar bhealach carnach maidir leis na méideanna bunúsacha dá dtagraítear in Airteagal 20(6) ar bhonn gach ceann de na fachtóirí géaraitheacha agus de na fachtóirí maolaitheacha seo a leanas:

I. Comhéifeachtaí um choigeartú atá nasctha le fachtóirí géaraitheacha:

1. I gcás ina ndearnadh an sárú arís agus arís eile, beidh feidhm ag comhéifeacht bhreise 1.1 i ndáil le gach uair a rinneadh an sárú athuair.

2. I gcás ina ndearnadh an sárú ar feadh tréimhse is faide ná 6 mhí, beidh feidhm ag comhéifeacht 1.5.

3. I gcás ina mbeidh léirithe ag an sárú laigí sistéamacha in eagar an eintitis roghnaithe faoi oibleagáid, go háirithe ina nósanna imeachta, ina chórais bhainistíochta nó ina rialuithe inmheánacha, beidh feidhm ag comhéifeacht 2.2.

4. I gcás ina ndearnadh an sárú d’aon ghnó, beidh feidhm ag comhéifeacht 3.

5. I gcás nach bhfuil aon ghníomhaíocht leasúcháin déanta ón am a ndearnadh an sárú a shainaithint, beidh feidhm ag comhéifeacht 1.7.

6. I gcás nach bhfuil ardbhainistíocht an eintitis roghnaithe faoi oibleagáid tar éis comhoibriú leis an Údarás le linn do ESMA a chuid imscrúduithe a chur i gcrích, beidh feidhm ag comhéifeacht 1.5.

II. Comhéifeachtaí oiriúnaithe atá nasctha le fachtóirí maolaitheacha:

1. I gcás ina bhfuil ardbhainistíocht an eintitis roghnaithe faoi oibleagáid in ann a léiriú go ndearna siad gach beart is gá chun an sárú a chosc, beidh feidhm ag comhéifeacht 0.7.

2. I gcás ina gcuireann an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid an sárú in iúl don Údarás go pras, go héifeachtach agus go hiomlán, beidh feidhm ag comhéifeacht 0.4.

3. I gcás ina mbeidh an t-eintiteas roghnaithe faoi oibleagáid, dá dheoin féin, tar éis bearta a dhéanamh chun a áirithiú nach féidir le sárú comhchosúil tarlú arís amach anseo, beidh feidhm ag comhéifeacht 0.6.

## IARSCRÍBHINN II

**Liosta de na ceanglais is infheidhme go díreach dá dtagraítear in Airteagal 21(1) agus 21(3)**

1. Is ionann na ceanglais maidir le dícheall cuí custaiméara dá dtagraítear i Airteagal 21(3), pointí (a) agus (b) agus na cinn úd in: Airteagail 15, 16, 17, 18, 19, 20, 21, 27, 28, 30, 31, 32, 34, 36, agus 37 de [AMLR].
2. Is ionann na ceanglais maidir le beartais agus nósanna imeachta grúpa dá dtagraítear in Airteagal 21(3), pointe (a) agus na cinn in: Airteagail 13 agus 14 de [AMLR].
3. Is ionann na ceanglais maidir le hoibleagáidí tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 23(3), pointí (a) agus (b) agus na cinn in: Airteagail 50, 51 agus 52 de [AMLR] agus Airteagail 9, 13 agus 18 de [athmhúnlú TFR].
4. Is ionann na ceanglais maidir le beartais, rialuithe agus nósanna imeachta inmheánacha dá dtagraítear in Airteagal 23(3), pointe (b) agus na cinn in: Airteagail 7, 8, 9, 38, 39 agus 40 de [AMLR].
5. Is ionann na ceanglais eile dá dtagraítear in Airteagal 23(3), pointí (c) agus (d) agus na cinn in: Airteagail 54, 56, 57 agus 58 de [AMLR] agus Airteagail 7, 8, 10, 11, 12, 14, 16, 17, 19, 21 de [TFR].